



C/2024/3114

6.5.2024

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 8 Nollaig 2023

Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus ar chómhálartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2023/13)

(C/2024/3114)

AN BORD GINEARÁLTA DON BHOIRD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽³⁾, agus go háirithe Roinn I de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun éifeachtacht agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach beart beartais macrastuamachta náisiúnta a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú le cómhálartacht dheonach.
- (2) Tá sé mar aidhm leis an gceart maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta atá leagtha amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁵⁾ a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.
- (3) Molann Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁶⁾ go ndéanfaidh an t-údarás gníomhachtaithe ábhartha tairseach ábharthachta uasta a mholadh nuair a bheidh iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS), ar faoina bhun is féidir a mheas gur neamhábhhartha neamhchosaint an tsoláthraí aonair seirbhísí airgeadais ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlí ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaithe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (4) An 4 Deireadh Fómhair 2023, thug Banco de Portugal, ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, fógra do BERS go raibh sé ar intinn aige ráta maolánach um príacal sistéamach earnálach (syRB) 4 % a shocrú faoi Airteagal 133(9) den Treoir sin chun rioscaí macrastuamachta nó sistéamacha a eascraíonn as risíochtaí inmheánacha ar mhiondíol atá bunaithe ar rátálacha (IRB) a chosc agus a mhaolú ar dhaoine nádúrtha arna n-urrú le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht

⁽¹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

⁽²⁾ OJ L 331, 15.12.2010, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

⁽⁴⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

⁽⁵⁾ Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus maidir le cómhálartacht dheonach ina leith (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

⁽⁶⁾ Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

lonnaithe sa Phortaingéil ina leith. Beidh feidhm ag an ráta sSyRB atá beartaithe maidir le hinstiúidí creidmheasa intíre, ar fochuideachtaí iad cuid acu d'eintitis atá bunaithe i mBallstát eile den Aontas. An 13 Samhain, d'eisigh BERS Moladh BERS/2023/11 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁷⁾ i gcás inar luaigh sé go measann sé go bhfuil bonn cirt leis an mbeart, go bhfuil sé oiriúnach, comhréireach, éifeachtach agus éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhfuil sé le díriú orthu.

- (5) Meastar go mbeidh feidhm ag an ráta sSyRB ón 1 Deireadh Fómhair 2024 agus go bhfanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh suas le dhá bhliain nó go dtí go dtiocfaidh na rioscaí spriocdhírthe chun cinn nó go dtí go n-imeoidh siad.
- (6) An 4 Deireadh Fómhair 2023, chuir Banco de Portugal iarraidh faoi bhráid BERS freisin go molfaí cómhalartú an bhirt beartais macrastuamachta thuasluaite de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE. Tar éis an iarratais go ndéanfadh na Ballstáit eile an beart a chómhálartú, agus chun cosc a chur ar iarmhairtí diúltacha trasteorann a theacht chun tosaigh i bhfoirm sceitheadh agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta a mbeidh feidhm aige sa Phortaingéil chinn Bord Ginearálta BERS an beart sin a chuimsiú freisin ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2. Chinn Bord Ginearálta BERS freisin uastairseach ábharthachta institiúid-sonrach EUR 1 bhilliún a mholadh chun cur i bhfeidhm phrionsabal *de minimis* a stiúradh ag an mBallstát cómhalartach.
- (7) An 10 Deireadh Fómhair 2023, thug Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge, ag gníomhú di mar an t-údarás ainmnithe chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, fógra do BERS go raibh sé ar intinn aici ráta syRB 7 % a shocrú, i gcomhréir le hAirteagal 133(9) den Treoir sin. Beidh feidhm ag an mbeart maidir le gach institiúid creidmheasa intíre. Beidh feidhm aige maidir le gach cineál risíochtaí atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí réadmhaoine agus i bhforbairt tionscadal tógála a shainaitnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE) a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾.
- (8) An 16 Samhain 2023, d'eisigh BERS Tuairim BERS/2023/12 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁹⁾ i gcás inar luaigh sé go measann sé go bhfuil bonn cirt leis an mbeart, go bhfuil sé oiriúnach, comhréireach, éifeachtach agus éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhfuil sé le díriú orthu.
- (9) Meastar go mbeidh feidhm ag ráta sSyRB ón 30 Meitheamh 2024. Déanfaidh an t-údarás ainmnithe athbhreithniú ar an mbeart chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis an chéad chur i bhfeidhm.
- (10) An 10 Deireadh Fómhair 2023, chuir Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge iarraidh faoi bhráid BERS freisin go molfaí cómhalartú an bhirt beartais macrastuamachta thuasluaite de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE. Tar éis an iarratais go ndéanfadh na Ballstáit eile an beart a chómhálartú, agus chun cosc a chur ar iarmhairtí diúltacha trasteorann a theacht chun tosaigh i bhfoirm sceitheadh agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta a mbeidh feidhm aige sa Phortaingéil chinn Bord Ginearálta BERS an beart sin a chuimsiú freisin ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2. Chinn Bord Ginearálta BERS freisin uastairseach ábharthachta institiúid-sonrach EUR 200 mhilliún a mholadh chun cur i bhfeidhm phrionsabal *de minimis* a stiúradh ag an mBallstát cómhalartach.
- (11) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

⁽⁷⁾ Moladh BERS/2023/11 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 13 Samhain 2023 maidir le fógra ón bPortaingéil go bhfuil sé ar intinn aici ráta maolánach um riosca sistéamach earnálach a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaitear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe ar réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

⁽⁹⁾ Tuairim BERS/2023/12 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 16 Samhain 2023 maidir le fógra ón Danmhairg faoi ráta maolánach um riosca sistéamach a shocrú nó a athshocrú de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

TAR ÉIS AN MHOADH SEO A GHLACADH:

LEASUITHE

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 faoi mar a leanas:

(1) in Alt 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fho-mholadh C(1):

1. Moltar go ndéanfaidh na húdaráis ábhartha cómhalmartú leis na bearta beartais macrastuamachta arna nglacadh ag údaráis ábhartha eile agus arna moladh ag BERS don chómhalmartú. Moltar na bearta seo a leanas, arna dtuairisciú tuilleadh san Iarscríbhinn, a chómhalmartú:

An Bheilg:

- ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme go dtí an 31 Márta 2024;
- ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme ón 1 Aibreán 2024;

An Ghearmáin:

- ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar (i) gach neamhchosaint IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe atá lonnaithe sa Ghearmáin, agus (ii) gach neamhchosaint atá bunaithe ar SA a urraítear go huile agus go hiomlán le maoin chónaithe dho-aistrithe, dá dtagraítear in Airteagal 125(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), atá lonnaithe sa Ghearmáin;

An Liotuáin

- ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar gach neamhchosaint mhiondíola ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na Liotuáine a urraítear le maoin chónaithe.

Lucsamburg:

- teorainneacha um chóimheas iasachta/luacha (loan-to-value, LTV) atá ceangailteach ó thaobh dlí le haghaidh iasachtaí morgáiste nua ar réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe i Lucsamburg, le teorainneacha LTV éagsúla is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla iasachtaithe:

(a) teorainn LTV 100 % do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu;

(b) teorainn LTV 90 % do cheannaitheoirí eile i.e. ní ceannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu. Cuirtear an teorainn sin i bhfeidhm ar bhealach comhréireach trí liúntas punainne. Go sonrach, féadfaidh iasachtóirí 15 % den phunann morgáistí nua a deonaíodh do na hiasachtaithe sin a eisiúint le LTV os cionn 90 % ach faoi bhun an LTV uasta de 100 %;

(c) teorainn LTV 80 % le haghaidh iasachtaí morgáiste eile (lena n-áirítear an mhír “ceannach le ligean ar cíós”).

An Ísiltír:

- meánualú riosca íosta arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Ísiltír, a úsáideann an cur chuige an IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh maidir lena punanna neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír. Maidir le gach ítim neamhchosanta aonair a thagann faoi raon feidhme an bhirt, sanntar ualú riosca 12 % don chuid den iasacht nach sáraíonn 55 % de luach margaidh na maoinne a úsáidtear chun an iasacht a urrú, agus sanntar ualú riosca 45 % don chuid eile den iasacht. Is ionann meánualú riosca íosta na punainne agus meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta um ualú riosca na n-iasachtaí aonair.

An Iorua:

- ráta maolánach um priacal sistéamach 4,5 % is infheidhme maidir le gach risíocht atá lonnaithe san Iorua, arna chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (***) (Comhaontú LEE) (“CRD de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022” anseo feasta), maidir leis na hinstiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua;
- íosráta 20 % le haghaidh meánualuithe riosca (risíocht-uailithe) le haghaidh risíochtaí ar réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe san Iorua, arna chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua ón 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí Chomhaontú LEE (dá ngairtear “CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022”), ar instiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus úsáid á baint as an gcur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh;
- íosráta 35 % le haghaidh ualuithe priacail (ualaithe risíochta) na risíochtaí tráchtála ar réadmhaoín atá lonnaithe san Iorua, arna chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022 maidir le hinstiúidí creidmheasa a údaráitear san Iorua, agus úsáid á baint as an gcur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.

An tSualainn:

- Íosteorainn a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa áirithe de 25 % maidir le meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta um ualaí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn atá urraithe le maoín dhochorraithe i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh.
- íosleibhéal (íosráta) a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa 35 % maidir le meán ualaithe ó thaobh risíochta na n-ualuithe priacal a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an bpunann risíochtaí ar chorpáidí arna n-urrú le morgáistí ar mhaoín thráchtála dhochorraithe (sócshainní atá lonnaithe go fisiceach sa tSualainn atá faoi úinéireacht chun críoch tráchtála chun ioncam cíosa a ghiniúint) agus íosleibhéal (íosráta) instiúidí-sonrach a bhaineann go sonrach le 25 % maidir le meán ualaithe ó thaobh risíochta na n-ualuithe priacal a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an bpunann risíochtaí corparáideacha arna n-urrú le morgáistí ar mhaoín chónaithe dhochorraithe (foirgnimh árasáin atá suite go fisiciúil sa tSualainn agus atá faoi úinéireacht chun críche tráchtála ioncam cíosa a ghiniúint, i gcás inar mó ná trí líon na n-áiteanna cónaithe sa mhaoín) arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa arna n-údarú sa tSualainn a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh.

An Phortaingéil

- ráta maoláin um riosca sistéamach 4 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoín chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Phortaingéil;

An Danmhairg:

- ráta maolánach um riosca sistéamach earnálach 7 % ar gach cineál risíochtaí atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorpáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí réadmhaoine agus i bhforbairt tionscadal tógála a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair instiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(**) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht instiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar instiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(***) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

(2) Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo in ionad na hIarscríbinne.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, an 8 Nollaig 2023.

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN

An Bheilg**Maoláin um riosca sistéamach ar gach neamhchosaint mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg.**I. Cur síos ar an mbeart

1. Go dtí an 31 Márta 2024 forchuirtear le beart na Beilge, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (neamhchosaintí nár mhainnigh agus neamhchosaintí a mhainnigh araon).
2. Ón 1 Aibreán 2024 forchuirtear le beart na Beilge, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (neamhchosaintí nár mhainnigh agus neamhchosaintí a mhainnigh araon).

II. An Cómhálartú

3. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na Beilge a chómhálartú trína chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon). De rogha air sin, is féidir an beart a chómhálartú trí úsáid a bhaint as an raon feidhme seo a leanas i dtuairisciú COREP: Neamhchosaintí ar mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe i leith daoine aonair atá lonnaithe sa Bheilg (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon).
4. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar maidir le cómhálartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach Ábharthachta

5. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrach d'institiúid chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um riosca sistéamach ar acht nach mó ná EUR 2 bhilliún a neamhchosaintí earnála ábhartha. Dá bhrí sin, ní iarrtar an cómhálartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach atá sonrach d'institiúid.
6. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairsí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 2 bhilliún. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhálartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta.

An Ghearmáin**Ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar (i) gach neamhchosaint IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe atá lonnaithe sa Ghearmáin, agus (ii) gach neamhchosaint atá bunaithe ar SA a urraítear go huile agus go hiomlán le maoin chónaithe dho-aistrithe, dá dtagraítear in Airteagal 125(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, atá lonnaithe sa Ghearmáin**I. Cur síos ar an mbeart

1. Forchuirtear le beart na Gearmáine, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar gach neamhchosaint (i.e. neamhchosaintí miondíola agus neamh-mhiondíola) ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a urraítear le réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin. Beidh feidhm ag an mbeart (i) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin agus a úsáideann an cur chuige IRB chun a méideanna neamhchosanta atá ualaithe de réir riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe atá lonnaithe sa Ghearmáin, agus (ii) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin agus a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe (SA) chun a méideanna neamhchosanta atá ualaithe de réir riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí a urraítear go huile agus go hiomlán le maoin chónaithe dho-aistrithe, dá dtagraítear in Airteagal 125(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, atá lonnaithe sa Ghearmáin.

II. An Cómhalartú

2. Moltar d'údaráis ábhartha beart na Gearmáine a chómhálartú trína chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre.
3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhálartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoriseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh.
4. Moltar do na húdaráis ábhartha a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart cómhálartach agus go gcomhlíonfar é ón 1 Feabhra 2023 amach.

III. Tairseach ábharthachta

5. Comhlánaítear an beart le tairseach ábharthachta atá sonrach d'institiúid chun stiúradh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm féideartha an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a dhéanann cómhálartú leis an mbeart, féadfar institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um pricacal sistéamach mura mó ná EUR 10 billiún a risíochtaí eárnála ábhartha. Dá bhrí sin, ní iarrtar cómhálartú ach amháin nuair a sháraítear an tairseach a bhaineann go sonrach le hinstiúid áirithe.
6. Ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 10 mbilliún. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhálartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínisí nuair is iomchuí, nó an beart a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

An Liotuáin:

Ráta maoláin um riosca sistéamach de 2 % do gach neamhchosaint mhiondíola ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na Liotuáine atá urraithe le maoin chónaithe.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Le beart na Liotuáine, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, forchuirtear ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % maidir le gach neamhchosaint mhiondíola do dhaoine nádúrtha sa Liotuáin atá urraithe le maoin chónaithe.

II. An Cómhalartú

2. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na Liotuáine a chómhálartú trína chur i bhfeidhm maidir le brainsí de bhainc atá lonnaithe sa Liotuáin agus atá údaraithe ar bhonn intíre, agus maidir le neamhchosaintí trasteorann díreacha ar dhaoine nádúrtha sa Liotuáin a urraítear le maoin chónaithe. Tá cion suntasach de shuíomhanna iomlána morgáiste i seilbh brainsí bainc eachtracha a oibríonn sa Liotuáin, dá bhrí sin, bheadh cómhálartú an bhirt ag na Ballstáit eile ina chuidiú le cothrom na Féinne a chothú agus lena áirithiú go ndéanadh gach rannpháirtí suntasach sa mhargadh an riosca méadaithe do réadmhaoin chónaithe sa Liotuáin a chur san áireamh agus a n-athléimneacht a mhéadú.
3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar maidir le cómhálartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoriseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí i ndiaidh fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

4. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrath d'institiúid chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maidir leis an maolán um riosca sistéamach mura mó a neamhchosaintí eárnála ábhartha ná EUR 50 milliún, arb ionann é agus thart ar 0.5 % de neamhchosaintí ábhartha eárnail iomlán na n-institiúidí creidmheasa sa Liotuáin. Dá bhrí sin, ní iarrtar an cómhgartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach atá sonrath de réir institiúide.
5. Údarú le tairseach dá leithéid:
 - a. Is gá an acmhainn le haghaidh ilroinnt rialála a íoslaghdú, toisc go mbeidh an tairseach ábharthacht chéanna i bhfeidhm freisin maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Liotuáin;
 - b. Chuideodh cur i bhfeidhm na tairseach ábharthachta sin le cothrom na féinne a áirithiú sa mhéid is go bhfuil institiúidí a bhfuil neamhchosaintí comhchosúla acu faoi réir an cheanglais maidir le maolán um riosca;
 - c. Tá an tairseach ábhartha do chobhsaíocht airgeadais, toisc go mbraithfidh forbairt bhreise ar riosca réadmhaoiné cónaithe go príomha ar ghníomhaíocht sa mhargadh tithe, a bhraitheann go páirteach ar mhéid na n-iasachtaí nua a eisítear chun tithe a cheannach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag an mbeart maidir le rannpháirtithe an mhargaidh atá gníomhach sa mhargadh seo cé nach bhfuil a bpunanna iasachtaí morgáiste chomh mór le punanna na soláthraithe iasachta is mó.
6. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is ionann an tairseach ábharthachta EUR 50 bhiliún agus leibhéal uasta tairseach atá molta. Dá bhrí sin, féadfaidh údarais ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlíní nuair is iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

Lucsamburg:

Teorainneacha um chóimheas iasachta/luacha (LTV) atá ceangailteach ó thaobh dlí le haghaidh iasachtaí morgáiste nua ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe i Lucsamburg, le teorainneacha LTV éagsúla is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla iasachtaí:

- (a) **teorainn LTV 100 % do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu;**
- (b) **teorainn LTV 90 % do cheannaitheoirí eile i.e. ní ceannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu. Cuirtear an teorainn sin i bhfeidhm ar bhealach comhréireach trí liúntas punainne. Go sonrath, féadfaidh iasachtóirí 15 % den phunann morgáistí nua a deonaíodh do na hiasachtaí sin a eisiúint le LTV os cionn 90 % ach faoi bhun an LTV uasta de 100 %;**
- (c) **teorainn LTV 80 % le haghaidh iasachtaí morgáiste eile (lena n-áirítear an mhír “ceannach le ligean ar cíós”).**

I. Cur síos ar an mbeart

1. Gníomhachtaigh údarais Lucsamburg teorainneacha LTV a atá ceangailteach go dlíthiúil le haghaidh iasachtaí morgáiste nua ar mhaoin chónaithe dhochorraithe atá lonnaithe i Lucsamburg. Tar éis Moladh ó Comité du Risque Systémique (Coiste um Riosca Sistéamach) ⁽¹⁾, ghníomhachtaigh Coimisiún de Surveillance du Secteur Financier (Coimisiún Maoirseachta na hEárnála Airgeadais) ⁽²⁾, ag gníomhú dó i gcomhar le Banque centrale du Lucsamburg, na teorainneacha LTV atá difriúil de réir trí chatagóir iasachtaí. Is iad seo a leanas na teorainneacha LTV do gach ceann de na trí chatagóir:
 - (a) Teorainn LTV 100 % do cheannaitheoirí céaduaire ag ceannach a bpríomháit chónaithe;
 - (b) Teorainn LTV 90 % do cheannaitheoirí eile i.e. ní ceannaitheoirí céaduaire ag ceannach a bpríomháit chónaithe; Cuirtear an teorainn sin i bhfeidhm ar bhealach comhréireach trí liúntas punainne. Go sonrath, féadfaidh iasachtóirí 15 % den phunann morgáistí nua a deonaíodh do na hiasachtaí sin a eisiúint le LTV os cionn 90 % ach faoi bhun an LTV uasta de 100 %;
 - (c) Teorainn LTV 80 % le haghaidh iasachtaí morgáiste eile (lena n-áirítear an mhír “ceannach le ligean ar cíós”).

⁽¹⁾ Moladh du comité du risque systémique du 9 novembre 2020 relative aux crédits portant sur des biens immobiliers à usage résidentiel situés sur le territoire du Lucsamburg (CRS/2020/005).

⁽²⁾ CSSF Régulation N.20-08 du 3 décembre 2020 fixant des conditions pour l'octroi de crédits relatifs à des biens immobiliers à usage résidentiel situés sur le territoire du Luxembourg.

2. Is éard atá i LTV ná an cóimheas idir suim na n-iasachtaí nó na sciartha iasachtaí go léir arna dtacú ag an iasachtaí le maoin chónaithe tráth a ndéanfaítear an iasacht agus luach na maoin ag an am céanna.
3. Tá feidhm ag na teorainneacha LTV go neamhspleách ar an gcineál úinéireachta (e.g. úinéireacht iomlán, ceart úsáide, lom-úinéireacht).
4. Baineann an beart le haon iasachtaí príobháideach a fhaigheann iasacht mhorgáiste chun réadmhaoin chónaithe a cheannach i Lucsamburg chun críocha neamhthráchtála. Tá feidhm ag an mbeart freisin má úsáideann an t-iasachtaí struchtúr dlíthiúil amhail cuideachta infheistíochta eastáit réadaigh chun an t-idirbheart sin a chur i gcrích, agus i gcás comhiarratas. Airítear le “réadmhaoin chónaithe” talamh tógála, cé acu an ndéantar an obair thógála díreach i ndiaidh an cheannaigh nó blianta ina dhiaidh sin. Tá feidhm ag an mbeart chomh maith má dheonaítear iasacht d’iasachtaí chun maoin a cheannach lena bhfuil comhaontú léasa fhadtearmaigh. D’fhéadfadh sé gur le haghaidh áitíocht úinéara nó le haghaidh ceannach le ligean ar cíós an réadmhaoin.

II. An Cómhgartú

5. Na Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha creidmheasa Lucsamburg trí chreidmheas trasteorann díreach ag a n-institiúidí creidmheasa, a gcomparáidí árachais agus a ngairmithe a dhéanann gníomhaíochtaí iasachtaithe (iasachtóirí morgáiste), moltar dóibh beart Lucsamburg a chómhgartú ina ndlínse. Mura bhfuil an beart céanna ar fáil ina ndlínse maidir le gach neamhchosaint trasteorann ábhartha, ba cheart do na húdaráis ábhartha bearta atá ar fáil a bhfuil an éifeacht is coibhéisí leo agus atá leis an mbeart beartais macrastaumachta gníomhachaithe a chur i bhfeidhm.
6. Ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl do BERS gur chómhgartaithe siad beart Lucsamburg nó gur úsáid siad díolúintí *de minimis* i gcomhréir le Moladh D de Mholadh BERS/2015/2. Ba cheart an fógra a sholáthar tráth nach déanaí ná mí amháin i ndiaidh an beart cómhgartúcháin a ghlacadh, agus úsáid á baint as an teimpléad faoi seach arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BERS. Foilseoidh BERS na fógraí ar shuíomh gréasáin BERS, agus ar an tslí sin cuirfear na cinntí náisiúnta maidir le cómhgartú in iúl don phobal. Cuimseofar san fhoilseachán sin aon díolúintí arna ndéanamh ag Ballstáit chómhgartacha agus a dtiomantas chun faireachán a dhéanamh ar sceitheadh agus gníomhú más gá.
7. Moltar do na Ballstáit beart a chómhgartú laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

8. Déantar an beart a chomhlánú le dhá thairseach ábharthachta chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na Ballstáit chómhgartacha a stiúradh: tairseach ábharthachta a bhaineann go sonrach le tír áirithe agus tairseach ábharthachta a bhaineann go sonrach le hinstiúid áirithe. Is é EUR 350 milliún an tairseach ábharthachta a bhaineann go sonrach le tír áirithe le haghaidh iomlán na n-iasachtaí morgáiste trasteorann do Lucsamburg, rud a chomhfhreagraíonn do thart ar 1 % den mhargadh morgáiste na réadmhaoin cónaithe intíre iomlán i mí na Nollag 2020. Is é EUR 35 mhilliún an tairseach ábharthachta a bhaineann go sonrach le hinstiúid áirithe le haghaidh iomlán na n-iasachtaí morgáiste trasteorann do Lucsamburg, tairseach ábharthachta a chomhfhreagraíonn do thart ar 0.1 % de mhargadh morgáiste na réadmhaoin cónaithe intíre iomlán i Lucsamburg i mí na Nollag 2020. Ní iarrtar cómhgartú ach amháin nuair a sháraítear an tairseach a bhaineann go sonrach le tír áirithe agus an tairseach a bhaineann go sonrach le hinstiúid áirithe.

An Ísiltír:

Meánualú riosca íosta arna chur i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa a úsáideann cur chuige an IRB maidir lena bpunanna neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír. Maidir le gach ítim neamhchosanta aonair a thagann faoi raon feidhme an bhirt, sanntar ualú riosca 12 % do chuid den iasacht nach mó ná 55 % de luach margaidh na maoin a úsáidtear chun an iasacht a urrú, agus sanntar ualú riosca 45 % don chuid eile den iasacht. Is ionann meánualú riosca íosta na punainne agus meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta um ualú riosca na n-iasachtaí aonair.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Forchuirtear le beart na hÍsiltíre, a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, meánualach riosca íosta ar phunann neamhchosaintí de chuid institiúidí creidmheasa IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le morgáistí ar mhaoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír. Tá iasachtaí a chumhdaítear leis an scéim Náisiúnta um Ráthaíocht Morgáiste díolmhaithe ón mbeart.

2. Is mar seo a leanas atá an meánualach riosca íosta le ríomh:
 - (a) Maidir le gach ítim neamhchosanta aonair a thagann faoi raon feidhme an bhirt, sanntar ualú riosca 12 % don chuid den iasacht nach sáraíonn 55 % de luach margaidh na maoinne a úsáidtear chun an iasacht a urrú, agus sanntar ualú riosca 45 % don chuid eile den iasacht. Ba cheart an cóimheas LTV a úsáidfead sa ríomh sin a chinneadh i gcomhréir le forálacha infheidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
 - (b) Is ionann meánualú riosca íosta na punainne agus meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta um ualaí riosca na n-iasachtaí aonair, arna ríomh mar a mhínítear thuas. Déantar neamhshuim de na hiasachtaí aonair atá díolmhaithe ón mbeart agus an meánualú riosca íosta á ríomh.
3. Ní chuirtear an beart seo in ionad na gceanglas caipitil reatha atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a thagann as an rialachán sin. Ní mór do bhainc lena mbaineann an beart meánualú riosca na coda sin den phunann morgáiste a thagann faoi raon feidhme an bhirt seo a ríomh ar bhonn na bhforálacha rialta is infheidhme atá i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ar bhonn an mhodha mar a leagtha amach sa bheart. Agus a gceanglais chaipitil á ríomh, ní mór dóibh, cibé acu is airde den dá mheánualú riosca, a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

II. An Cómhgartú

4. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na hÍsiltíre a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe go himmheánach a úsáideann an cur chuige IRB agus ag a bhfuil neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír, mar go bhféadfadh a n-earnáil baincéireachta, trína mbrainsí, bheith neamhchosanta nó teacht chun bheith neamhchosanta go díreach nó go hindíreach ar an riosca sistéamach i margadh tithíochta na hÍsiltíre.
5. I gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha an beart céanna agus an beart atá curtha chun feidhme san Ísiltír ag an údarás gníomhachtaíthe a chur i bhfeidhm laistigh den teorainn ama a shonraítear i bhfo-mholadh C(3).
6. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar maidir le cómhgartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí i ndiaidh fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

7. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrath d'instiúid chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar instiúidí a dhíolmhú ón meánualú riosca íosta do phunann neamhchosaintí instiúidí creidmheasa IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe ag morgáistí le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír mura sáraíonn an luach sin €5 bhilliún. Ní dhéanfar iasachtaí a chumhdaítear sa scéim Rátháíochta Morgáiste Náisiúnta a ríomh i gcomhair na tairsí ábharthachta.
8. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairsí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 5 bhilliún. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlíní nuair is iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

An Iorua:

- ráta maoláin um priacal sistéamach 4.5 % maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua, faoi Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua ón 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE) ('CRD de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022 anseo feasta), maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua;
- íosráta 20 % le haghaidh meánualuithe riosca (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe san Iorua, de réir mar is infheidhme maidir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ar an 31 Nollaig 2022 de bhun théarmaí Chomhaontú LEE (dá ngairtear 'CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua ar an 31 Nollaig 2022), ar institiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus úsáid á baint as an gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais caipitil rialála a ríomh;
- íosráta 35 % le haghaidh priacail (risíocht-ualaithe) le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022, maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua agus a úsáideann cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh.

I. Cur síos ar na bearta

1. Le héifeacht ón 31 Nollaig 2020, thug Finanzdepartet (Aireacht Airgeadais na hIorua) trí bheart macrastuamachta isteach, eadhon (i) maolán um priacal sistéamach maidir le risíochtaí atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 133 de CRD de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022; (ii) íosualú priacail le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach cónaithe atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022; agus (iii) íosualú priacail le haghaidh risíochtaí ar eastát réadach tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de CRR de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua amhail ón 31 Nollaig 2022.
2. Socraítear an ráta maoláin um riosca sistéamach ag 4,5 % agus baineann sé le neamhchosaintí intíre na n-institiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua. Maidir le hinstitiúidí creidmheasa nach n-úsáideann an cur chuige ardleibhéil IRB, áfach, tá an ráta maoláin um riosca sistéamach is infheidhme maidir le gach neamhchosaint socraithe ag 3 % go dtí an 30 Nollaig 2023; ina dhiaidh sin, socrófar an ráta maoláin um riosca sistéamach is infheidhme maidir le neamhchosaintí intíre ag 4,5 %.
3. Is ionann an íosteorainn meánualaigh riosca um réadmhaoín chónaithe agus íosteorainn meánualaigh riosca a bhaineann go sonrach le hinstitiúid áirithe le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoín chónaithe san Iorua, is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB. Baineann an íosteorainn meánualaigh riosca um réadmhaoín chónaithe le hualú riosca an mheánualaigh riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta sa phunann réadmhaoine cónaithe. Ba cheart neamhchosaintí ar réadmhaoín chónaithe na hIorua a thuiscint mar neamhchosaintí miondíola arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe san Iorua.
4. Is ionann an íosteorainn meánualaigh riosca um réadmhaoín tráchtála agus íosteorainn meánualaigh riosca a bhaineann go sonrach le hinstitiúid áirithe le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoín tráchtála san Iorua, is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB. Baineann an íosteorainn meánualaigh riosca um réadmhaoín chónaithe le hualú riosca an mheánualacha riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta sa phunann réadmhaoine tráchtála. Ba cheart neamhchosaintí ar réadmhaoín tráchtála na hIorua a thuiscint mar neamhchosaintí corparáideacha arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe san Iorua.

II. An Cómhálartú

- 5a. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta na hIorua maidir le neamhchosaintí atá suite san Iorua a chómhálartú i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE agus le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi seach. Moltar d'údaráis ábhartha an ráta maolánach um riosca sistéamach a chómhálartú laistigh de 18 mí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach^(?). In *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* Ba cheart na híosrátaí ualaithe priacail le haghaidh risíochtaí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála san Iorua a chómhálartú laistigh den idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2021/3 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

^(?) Moladh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 222, 11.6.2021, lch. 1).

- 5b. Ós rud é go bhféadfadh sé, le hísliú na tairisí ábharthachta dá dtagraítear i Moladh BERS/2023/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (*), go bhféadfadh sé go gceanglófaí ar údarás ábhartha beart frithingeach náisiúnta nua a ghlacadh nó bearta náisiúnta atá ann cheana a leasú mar aon le beart maolánach um riosca sistéamach na hIorua, beidh feidhm ag an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis Moladh BERS/2023/1 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun bearta cómhálartacha a chur chun feidhme.
6. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, i gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, bearta beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis na bearta thuas a mholtar maidir le cómhálartacht a chur i bhfeidhm. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta coibhéiseacha a ghlacadh chun íosteorainn meánualaigh riosca a chómhálartú le haghaidh neamhchosaintí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála laistigh de 12 mhí agus chun an ráta maoláin um riosca sistéamach a chómhálartú laistigh de 18 mí, faoi seach, i ndiaidh fhoilsiú Moladh BERS/2021/3 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Sa mhéid go gceanglaítear le hísliú na tairisí ábharthachta ar údarás ábhartha beart frithingeach náisiúnta nua a ghlacadh mar a thuairiscítear san fhómhír seo nó leasú a dhéanamh ar bhearta náisiúnta atá ann cheana féin lena gcómhálartútear beart maolánach um riosca sistéamach na hIorua, beidh feidhm ag an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2023/1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir le bearta cómhálartacha a chur chun feidhme.

[7. *Scríosadh mír 7 le Moladh BERS/2023/1.*]

III. Tairseach ábharthachta

8. Déantar na bearta sin a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrath d'institiúid áirithe bunaithe ar neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh faoi mar a leanas:
- (a) maidir leis an maolán um priacal sistéamach, socraítear an tairseach ábharthachta ag méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de NOK 5 bhilliún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 0.16 % de risíochtaí iomlána atá ualaithe ó thaobh riosca ar institiúidí creidmheasa a thuairiscíonn san Iorua;
- (b) maidir le híosteorainn meánualaigh réadmhaoine cónaithe, socraítear an tairseach ábharthachta ag olliasachtú NOK 32,3 billiún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 1 % den oll-iasachtú comhthaobhaithe réadmhaoine cónaithe do chustaiméirí na hIorua;
- (c) maidir le híosteorainn meánualaigh réadmhaoine tráchtála, socraítear an tairseach ábharthachta ag olliasachtú NOK 7.6 billiún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 1 % den oll-iasachtú comhthaobhaithe réadmhaoine tráchtála do chustaiméirí na hIorua.
9. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, féadfaidh údarás ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann institiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre a bhfuil neamhchosaintí neamhábhartha acu san Iorua a dhíolmhú. Meastar go bhfuil neamhchosaintí neamhábhartha má tá siad faoi bhun na dtairseach ábharthachta a bhaineann go sonrath le hinstitiúid áirithe atá leagtha síos faoi mhír 8 thuas. Agus an tairseach ábharthachta á cur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na hIorua a chur i bhfeidhm ar institiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre a díolmhaíodh roimhe sin i gcás go sárófar na tairseacha ábharthachta a shocraítear faoi mhír 8 thuas.
10. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is iad na tairseacha ábharthachta a leagtar síos faoi mhír 8 thuas ná leibhéil uasta tairisí molta. Dá bhrí sin, féadfaidh údarás ábhartha chómhálartúcháin, in ionad na tairseacha molta a chur i bhfeidhm, tairseacha níos ísle a shocrú dá ndlínse nuair is iomchuí, nó na bearta a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta.
11. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha san Iorua acu, féadfaidh údarás ábhartha na mBallstáit lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na hIorua a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na hIorua a chómhálartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa na tairseacha ábharthachta faoi seach.

(*) Moladh BERS/2023/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 6 Márta 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 158, 4.5.2023, lch. 1).

An tSualainn

- Íosteorainn a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa áirithe de 25 % maidir le meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta um ualaí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn atá urraithe le maoin dhochorraithe i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh;
- íosleibhéal (íosráta) a bhaineann go sonrach le hinstiúid creidmheasa 35 % maidir le meán ualaithe ó thaobh risíochta na n-ualaithe priacal a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an bpunann risíochtaí ar chorparáidí arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin thráchtála dhochorraithe (sócmhainní atá lonnaithe go fisiceach sa tSualainn atá faoi úinéireacht chun críoch tráchtála chun ioncam cíosa a ghiniúint) agus íosleibhéal (íosráta) instiúid-sonrach a bhaineann go sonrach le 25 % maidir le meán ualaithe ó thaobh risíochta na n-ualaithe priacal a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an bpunann risíochtaí corparáideacha arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin chónaithe dhochorraithe (foirgnimh árasáin atá suite go fisiciúil sa tSualainn agus atá faoi úinéireacht chun críche tráchtála ioncam cíosa a ghiniúint, i gcás inar mó ná trí líon na n-áiteanna cónaithe sa mhaoin) arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa arna n-údarú sa tSualainn a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais caipitil rialála a ríomh.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Is éard atá i mbeart na Sualainne, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a fhorchuirtear ar instiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn a úsáideann an cur chuige IRB, ná íosteorainn a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa de 25 % do mheánualaí riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta um ualaí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn atá urraithe le maoin dhochorraithe. Is ionann an mheánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta agus meánualaí riosca neamhchosaintí aonair arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 154 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna n-ualú le luach na neamhchosaintí ábhartha.
2. Maidir le beart na Sualainne a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a fhorchuirtear ar instiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn trí úsáid a bhaint as an gcur chuige IRB, is éard atá ann íosleibhéal (íosráta) atá ualaithe ó thaobh na risíochta de 35 % le haghaidh risíochtaí corparáideacha áirithe sa tSualainn arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin thráchtála dhochorraithe agus íosleibhéal (íosráta) ualaithe ó thaobh risíochta de 25 % a bhaineann go sonrach le hinstiúidí corparáideacha sa tSualainn arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin chónaithe dhochorraithe. Is ionann an mheánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta agus meánualaí riosca neamhchosaintí aonair arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 153 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna n-ualú le luach na neamhchosaintí ábhartha. Ní chumhdaítear leis an mbeart seo risíochtaí ar chorparáidí arna n-urrú leis an méid seo a leanas: (i) maoin talmhaíochta; (ii) maoin atá faoi úinéireacht dhíreach bardas, stát nó réigiún; (iii) maoin ina n-úsáidtear níos mó ná 50 % den mhaoin le haghaidh a ghnó féin; agus (iv) maoin ilteaghaisí i gcás nach cuspóir tráchtála atá leis an maoin (mar shampla comhlachais tithíochta atá faoi úinéireacht na gcónaitheoirí agus atá neamhbhrabúsach) nó i gcás ina bhfuil líon na dteaghaisí níos lú ná ceithre theaghais.

II. An Cómhgartú

3. I gcomhréir le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, moltar d'údarais ábhartha na mBallstát lena mbaineann bearta na Sualainne a chómhgartú trína gcur i bhfeidhm maidir le brainsí atá lonnaithe sa tSualainn d'instiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus úsáid á baint as cur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh. I gcomhréir le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, moltar d'údarais ábhartha na mBallstát lena mbaineann bearta na Sualainne a chómhgartú trína gcur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa bhaile trí chur chuige IRB a úsáid chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh a bhfuil risíochtaí miondíola acu ar fhéichiúnaithe a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe agus/nó risíochtaí corparáideacha sa tSualainn arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin tráchtála nó ar mhaoin chónaithe. I gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdarais ábhartha an beart céanna a chur i bhfeidhm leis na bearta a chuir an t-údarás gníomhachtaithe chun feidhme sa tSualainn tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta chomhfhreagraigh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. ^(?)

^(?) Féach Moladh BERS/2019/1 maidir leis an mbeart beartais macrastaumachta a gníomhachtaíodh an 31 Nollaig 2018.

4. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis na beartais thuas a mholtar maidir le cómhálartacht a chur i bhfeidhm. Moltar do na húdaráis ábhartha na bearta coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí i ndiaidh fhoilsiú an Mholta comhfhreagrach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽⁶⁾.

III. Tairseach ábharthachta

5. Comhlánaítear na bearta le tairseach ábharthachta institiúidsonrach de SEK 5 bhiliún le haghaidh gach ceann de na bearta a thuairiscítear i mír 1 agus i mír 2, faoi seach, chun cur i bhfeidhm féideartha an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a dhéanann cómhálartú leis an mbeart a stiúradh.
6. I gcomhréir le Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, féadfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann institiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe sa bhaile a dhíolmhú agus úsáid á baint acu as an gcur chuige IRB a bhfuil neamhchosaintí acu atá faoi bhun thairseach ábharthachta SEK 5 bhiliún le haghaidh na mbearta a dtugtar tuairisc orthu i míreanna 1 agus 2, faoi seach. Agus an tairseach ábharthachta á cur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Sualainn ábhartha a chur i bhfeidhm ar institiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn tíre a díolmhaíodh roimhe sin i gcás go sárófar an tairseach ábharthachta SEK 5 bhiliún don bhearta sin.
7. I gcás nach bhfuil neamhchosaintí ar mhiondíol, mar a thuairiscítear i mír 1, de níos mó ná SEK 5 bhiliún ag aon institiúid creidmheasa atá údaraithe sa bhaile a úsáideann an cur chuige IRB, trí bhraintí atá lonnaithe sa tSualainn agus/nó trí ghníomhaíocht dhíreach trasteorann, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, cinneadh a dhéanamh gan an beart a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na risíochtaí agus moltar dóibh an beart a dtugtar tuairisc air i mír 1 a chómhálartú i gcás ina sáraíonn institiúid chreidmheasa atá údaraithe sa bhaile a úsáideann an cur chuige IRB tairseach SEK 5 bhiliún.
8. I gcás nach bhfuil neamhchosaintí corparáideacha, mar a thuairiscítear i mír 2, de níos mó ná SEK 5 bhiliún ag aon institiúid creidmheasa atá údaraithe sa bhaile a úsáideann an cur chuige IRB, trí bhraintí atá lonnaithe sa tSualainn agus/nó trí ghníomhaíocht dhíreach trasteorann, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, cinneadh a dhéanamh gan an beart a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na risíochtaí agus moltar dóibh an beart a dtugtar tuairisc air i mír 12a chómhálartú i gcás ina sáraíonn institiúid chreidmheasa atá údaraithe sa bhaile a úsáideann an cur chuige IRB tairseach SEK 5 bhiliún.
9. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is ionann an tairseach ábharthachta SEK 5 bhiliún agus leibhéal uasta tairsí atá molta. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha chómhálartúcháin, in ionad na tairseacha molta a chur i bhfeidhm, tairseach níos ísle a shocrú dá ndlíní nuair is iomchuí, nó na bearta a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta.

An Phortaingéil

Ráta maoláin um riosca sistéamach 4 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Phortaingéil;

I. Cur síos ar an mbeart

1. Le beart na Portaingéile, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE agus ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde, gníomhachtaítear ráta nua sSyRB 4 % maidir le risíochtaí ar mhiondíol IRB ar dhaoine nádúrtha arna n-urru le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Phortaingéil (risíochtaí neamh-mhainneachtana agus mainneachtana araon).
2. Tá sé beartaithe leis an mbeart athléimneacht a fheabhsú i gcoinne leochaileachtaí carntha i stoc na n-iasachtaí morgáiste i gcor chun donais a d'fhéadfadh a bheith ann sa timthriall eacnamaíoch agus/nó i gcoinne ceartú suntasach gan choinne ar phraghsanna réadmhaoine cónaithe.

⁽⁶⁾ Féach Moladh BERS/2019/1 maidir leis an mbeart beartais macrastuamachta a gníomhachtaíodh an 31 Nollaig 2018.

II. An Cómhgartú

3. Moltar d'údaráis ábhartha beart na Portaingéile a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí ar mhiondíol IRB ar dhaoine nádúrtha arna n-urrú le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhghabhacht ina leith lonnaithe sa Phortaingéil (mar risíochtaí nár mhainnigh agus risíochtaí a mhainnigh araon). De rogha air sin, is féidir an beart a chómhgartú trí úsáid a bhaint as an raon feidhme seo a leanas i dtuairisciú COREP: Neamhchosaintí ar mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe i leith daoine aonair atá lonnaithe sa Phortaingéil (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon).
4. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhgartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh.
5. Arna iarraidh sin do Banco de Portugal, moltar d'údaráis chómhgartúcháin ábhartha beart na Portaingéile a chómhgartú trína chur i bhfeidhm ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde.
6. Moltar do na húdaráis ábhartha a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart cómhgartach agus go gcomhlíonfar é ón 1 Deireadh Fómhair 2024 amach.

III. Tairseach ábharthachta

7. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrath d'institiúid bunaithe ar neamhchosaintí atá lonnaithe sa Phortaingéil chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail de minimis ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas ráta maoláin um riosca sistéamach eárnalach ar choinníoll nach mó ná EUR 1 bhilliún a risíochtaí eárnála ábhartha, arb ionann é agus tuairim is 1 % den stoc creidmheasa lena cheannach ag an teach sa Phortaingéil.
8. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairsí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 1 bhilliún. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta. Agus an tairseach ábharthachta á socrú, ba cheart d'údaráis ábhartha breithniú a dhéanamh ar neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa Phortaingéil agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil sé neamhábhartha.
9. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha sa Phortaingéil acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na Portaingéile a chómhgartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Portaingéile a chómhgartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa na tairseacha ábharthachta faoi seach.

An Danmhairg

Ráta maolánach um riosca sistéamach eárnalach 7 % ar gach cineál risíochtaí atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí réadmhaoine agus i bhforbairt tionscadal tógála a shainaitheann i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta san Aontas, a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Beidh feidhm ag an ráta maolánach um riosca sistéamach eárnalach 7 % maidir le gach institiúid creidmheasa intíre.

2. Beidh feidhm aige maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí réadmhaoine seachas comhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta agus i bhforbairt tionscadal tógála. Sonraítear gníomhaíochtaí eacnamaíochta ábhartha an fhéichiúnaí trí thagairt d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta san Aontas, a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 (7).

Beidh feidhm ag an mbeart ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite.

II. An Cómhgartú

3. Moltar d'údaráischómhaltúcháin ábhartha beart na Danmhairge a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le gach cineál risíochta atá lonnaithe sa Danmhairg maidir le corparáidí neamhairgeadais atá i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíochta sonracha, a chinntear mar seo a leanas: "Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh" de réir (8) chód NACE "L", seachas comhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta agus "Forbairt tionscadal tógála" (41.1) de réir chód NACE "F".
4. Arna iarraidh sin d'Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge, moltar do na húdaráis ábhartha beart na Danmhairge a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair agus comhdhlúite.
5. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart a mholtar maidir le cómhgartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE.
6. Moltar do na húdaráis ábhartha a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart cómhgartach agus go gcomhlíonfar é ón 30 Meitheamh 2024 amach.

III. Tairseach ábharthachta

7. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrath d'institiúid bunaithe ar neamhchosaintí atá lonnaithe sa Danmhairg chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail de minimis ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí creidmheasa a dhiolmhú ón gceanglas ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach earnálach ar choinníoll nach sáraíonn a risíochtaí earnála ábhartha EUR 200 milliún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 0,3 % d'iomlán na risíochtaí ar chuideachtaí réadmhaoine sa Danmhairg.
8. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is ionann an tairseach ábharthachta EUR 200 bhilliún agus leibhéal uasta tairisí atá molta. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlíní i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta. Agus an tairseach ábharthachta á socrú, ba cheart d'údaráis ábhartha breithniú a dhéanamh ar neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa Danmhairg agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil sé neamhábhartha.
9. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha sa Danmhairg acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na Danmhairge a chómhgartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Danmhairge a chómhgartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa na tairseacha ábharthachta faoi seach.'

(7) Tá cinneadh na bhfothacar sonrath de neamhchosaintí earnála a gcuirfead syRB i bhfeidhm ina leith bunaithe ar Threoirlínte ÚBE maidir leis na fothacair iomchuí de neamhchosaintí earnála a bhféadfaidh údaráis inniúla nó údaráis ainmnithe maolán um priacal sistéamach a chur i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 133(5)(f) de Threoir 2013/36/AE (EBA-GL-2020-13), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag: www.eba.europa.eu

(8) NACE Rev.2, Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta sa Chomhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.